Parlaimint na hEorpa
2014-2019

Suí iomlánaíoch

A8-0183/2018

23.5.2018

***I
TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear tacaíocht mhacra-airgeadais bhreise ar fáil don Úcráin
(COM(2018)0127 – C8-0108/2018 – 2018/0058(COD))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Jarosław Wałęsa

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí atá beartaithe sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian leis an bParlaimint a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne an roinn dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 7

IARSCRÍBHINN 9

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA 10

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH..... 21

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE FREAGRACH 22

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear tacaíocht mhacra-airgeadais bhreise ar fáil don Úcráin
(COM(2018)0127 – C8-0108/2018 – 2018/0058(COD))

(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiúin chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0127),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 212(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0108/2018),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a glacadh in éineacht le Cinneadh Uimh. 778/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 lena dtugtar tuilleadh cúnaimh macra-airgeadais don tSeoirsia[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A8-0183/2018),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. ag formheas an ráitis chomhpháirtigh ón bParlaimint, ón gComhairle agus ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh cinnidh

1 IO L 218, 14.8.2013, lch. 15.

Airteagal 4 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina ***measann an Coimisiún*** nár comhlíonadh na coinníollacha ***a leagtar síos*** i mír 3, déanfaidh ***sé*** na heisíocaíochtaí de thacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais a chur ar fionraí go sealadach nó a chur ar ceal. Sna cásanna sin, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na cúiseanna a bhaineann leis an gcur ar fionraí nó an cur ar ceal sin.	4. I gcás ***nach gcomhlíontar*** na coinníollacha ***dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír*** 3, déanfaidh ***an Coimisiún*** na heisíocaíochtaí de thacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais a chur ar fionraí go sealadach nó a chur ar ceal. Sna cásanna sin, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na cúiseanna a bhaineann leis an gcur ar fionraí nó an cur ar ceal sin.

Réasúnú

Ar mhaithe le comhsheasmhacht, athraítear an téacs ar ais chuig an bhfoclaíocht a bhí sna Cinntí roimhe seo ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cúnamh macra-airgeadais a sholáthar (lena n-áirítear an Cinneadh le déanaí (AE) 2018/598 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 lena gcuirtear tacaíocht mhacra-airgeadais bhreise ar fáil don tSeoirsia).

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is ionstraim éigeandála eisceachtúil í tacaíocht mhacra-airgeadais (MFA) an Aontais Eorpaigh agus is é is cuspóir di aghaidh a thabhairt ar mhórdheacrachtaí comhardaithe íocaíochtaí i dtríú tíortha. Tá oibríocht MFA á moladh ag an gCoimisiún anois den cheathrú huair ó thosaigh an ghéarchéim in 2014. Tá sé á mholadh ag an gCoimisiún an uair seo go ndéanfaí EUR 1 bhilliún a eisíoc mar iasachtaí meántéarmacha go fadtéarmacha chun cuidiú leis an tír cuid dá riachtanais maoinithe sheachtraigh a bheidh ann i ndeireadh 2018 agus i dtosach 2019 a chumhdach, is é sin chun comhardú gearrthéarmach íocaíochtaí agus leochaileacht fhioscach an gheilleagair a laghdú. Tá sé beartaithe an tacaíocht airgeadais a eisíoc ina dá thráthchuid.

Tá sé beartaithe leis an tacaíocht ón Aontas freisin dreasachtaí a thabhairt chun dlús a chur le hiarrachtaí na hÚcráine athchóirithe a chur i bhfeidhm, trí Mheabhrán Tuisceana a chomhaontú le húdaráis na hÚcráine ina leagfaí amach na bearta tacaíochta beartais. Tá na bearta sin ina gcoinníoll le go n-eisíocfaí na cistí.

I gcomhthéacs na chéad trí oibríocht MFA, chomhlíon an Úcráin an chuid is mó de na bearta beartais a chomhaontaigh an Coimisiún agus údaráis na hÚcráine i gcomhpháirt le chéile. Eisíocadh EUR 2.8 billiún ar an iomlán. Tá 4 cinn den 21 bheart beartais, ar a n-áirítear 2 bheart frith-éillithe a comhaontaíodh faoin gclár roimhe sin (MFA III), áfach, nár cuireadh chun feidhme faoin uair a chuaigh tréimhse bhailíochta na gcistí in éag. Dá bhrí sin, i mí Eanáir 2018, rinne an Coimisiún an tríú tráthchuid de MFA III, arbh fhiú EUR 600 milliún í, a chur ar ceal. Léireofar na bearta sin sna coinníollacha faoi MFA reatha a leagtar amach sa Mheabhrán Tuisceana, agus aird á tabhairt ar a bhfuil tite amach ó mhí Eanáir 2018.

Cé gur tháinig feabhas ar an staid eacnamaíoch ó bhí 2015 ann, tá laigí éagsúla ann go fóill de thoradh spleáchas ard na tíre ar onnmhairiú tráchtearraí, na moille ar shlánú chúlchistí idirnáisiúnta na tíre agus na bhfiach mór atá ag tíortha eile ar an tír. Tá baol ann go bhféadfaí cur isteach ar an téarnamh, nach téarnamh an-mhór é go fóill, de dheasca na héagobhsaíochta i dtimpeallacht pholaitiúil na tíre agus an bhaoil go bhféadfadh an teannas sa taobh thoir den tír dul i ndéine.

Is sa chomhthéacs sin a rinne an Úcráin iarraidh ar thacaíocht mhacra-airgeadais an 29 Samhain 2017.

Cloítear go dlúth sa togra ón gCoimisiún leis an Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a glacadh in éineacht le Cinneadh Uimh. 778/2013/AE lena dtugtar tuilleadh cúnaimh macra-airgeadais don tSeoirsia, agus is sa dearbhú comhpháirteach sin a bhunaigh na comhreachtóirí na prionsabail agus na ceisteanna is mó ba cheart a bheith ina dtreoir don phróiseas maidir le tacaíocht mhacra-airgeadais a thabhairt.

Tá clásal éagtha sa togra seo. Chuirfí an tacaíocht mhacra-airgeadais ar fáil ar feadh tréimhse dhá bhliain go leith, tréimhse a thosódh an chéad lá tar éis theacht i bhfeidhm an Mheabhráin Tuisceana. Tá ráiteas meastóireachta ex ante ag gabháil leis an togra ón gCoimisiún.

Conclúid

I bhfianaise na mbreithniúchán thuas, tá an rapóirtéir den tuairim gur cheart do Pharlaimint na

hEorpa comhaontú leis an togra ón gCoimisiún tacaíocht mhacra-airgeadais a thabhairt don Úcráin.

Cuireann an rapóirtéir i bhfios gur cheart gach tráthchuid a eisíoc ar an mbonn go gcomhlíonfaí bearta beartais a bheadh sainithe go soiléir, agus go n-urramófaí na réamhchoinníollacha polaitiúla atá le MFA an Aontais (sásraí daonlathacha éifeachtacha lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus ráthaíocht go n-urramófar cearta an duine). Ba cheart na coinníollacha sin a chur in iúl go soiléir sa Mheabhrán Tuisceana, lena n-áirítear na bearta frith-éillithe nár comhlíonadh faoi MFA III.

Leagann an rapóirtéir béim freisin ar chumhachtaí Pharlaimint na hEorpa mar údarás buiséadach agus meabhraíonn sé gur cheart don Choimisiún an Pharlaimint a chur ar an eolas go rialta maidir le forbairtí a bhaineann léi agus gur cheart dó na doiciméid ábhartha a sholáthar, ionas go bhféadfaidh an Pharlaimint cur chun feidhme na tacaíochta a leanúint.

Ráiteas Comhpháirteach ón bParlaimint, ón gComhairle agus ón gCoimisiún

Meabhraíonn an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún go bhfuil mar réamhchoinníoll i dtaca le tacaíocht mhacra-airgeadais a thabhairt nach mór don tír is tairbhí sásraí éifeachtacha daonlathacha a urramú – lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí – maille leis an smacht reachta, agus a ráthú go n-urramófar cearta an duine.

Déanfaidh an Coimisiún agus na Seirbhísí Eorpacha Gníomhaíochta Seachtraí faireachán ar chomhlíonadh an réamhchoinníll sin le linn shaolré na tacaíochta macra-airgeadais a thabharfaidh an tAontas.

I bhfianaise na gcoinníollacha nár comhlíonadh sa chomhrac i gcoinne an éillithe agus i ngaol leis sin gur cuireadh ar ceal an triú tráthchuid den chlár de thacaíocht mhacra-airgeadais a bhí ann roimhe faoi Threoir (AE) 2015/601, cuireann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún i dtreis go mbeidh cúnamh macra-airgeadais breise ag brath ar dhul chun cinn sa chomhrac i gcoinne an éillithe san Úcráin. Chuige sin, beidh san áireamh sna coinníollacha airgeadais agus coinníollacha an bheartais eacnamaíoch sa Mheabhrán Tuisceana a bheidh le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin *inter alia* oibleagáidí i dtaca le rialachas, acmhainní riaracháin agus leagan amach institiúideach a neartú go háirithe don chomhrac i gcoinne an éillithe san Úcráin, go sonrach maidir le córas fíoraithe do dhearbhuithe sócmhainní, le fíorú a dhéanamh ar sonraí maidir le húinéireacht thairbhiúil eagraíochtaí agus le cúirt fhrith-éillithe speisialaithe agus dhea-fheidhmiúil, i gcomhréir le moltaí Choimisiún na Veinéise. Déanfar coinníollacha maidir le sciúradh airgid agus seachaint cánach a mheas freisin. I gcomhréir le hAirteagal 4(4), i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha, déanfaidh an Coimisiún eisíoc an chúnaimh mhacra-airgeadais a fhionraí go sealadach nó a chealú.

Sa bhreis ar Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas maidir le forbairtí a bhaineann leis an gcúnamh agus na doiciméid ábhartha a chur ar fáil dóibh, déanfaidh an Coimisiún, tráth gach eisíocaíochta, tuairisciú go poiblí maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha airgeadais agus coinníollacha an bheartais eacnamaíoch go léir atá nasctha leis an eisíocaíocht sin, go háirithe na coinníollacha sin a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe.

Meabhraíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go rannchuideoidh an cúnamh macra-airgeadais sin don Úcráin le luachanna a roinntear leis an Aontas Eorpach, lena n-áirítear forbairt atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta as a dtiocfaidh cruthú post agus laghdú bochtaineachta agus tiomantas do shochaí shibhialta láidir. Cuirfidh an Coimisiún i gceangal leis an dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún, lena bhformheastar an Meabhrán Tuisceana, anailís ar an tionchar sóisialta a mheastar a bheidh ag an gcúnamh macra-airgeadais. I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, déanfar an anailís sin a thíolacadh chuig Coiste na mBallstát agus cuirfear ar fáil í don Pharlaimint agus don Chomhairle tríd an gclár d’imeachtaí na gcoistí.

16.5.2018

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear tacaíocht mhacra-airgeadais bhreise ar fáil don Úcráin
(COM(2018)0127 – C8-0108/2018 – 2018/0058(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Michael Gahler

RÉASÚNÚ GEARR

Tar éis iarraidh a fháil ó rialtas na hÚcráine, rinne an Coimisiún Eorpach moladh i leith clár nua Tacaíochta Macra-Airgeadais (MFA) a sholáthar don Úcráin atá bunaithe ar Airteagal 212 CFAE, **do mhéid suas le EUR 1 bhilliún a bheidh le soláthar i bhfoirm dhá iasacht mheántéarmacha go fadtéarmacha in dhá thráthchuid**.

Dhéanfadh an oibríocht nua MFA na trí oibríocht MFA a tháinig roimhe sin, dar luach EUR 3.4 billiún san iomlán a chomhlánú, a tairgeadh don Úcráin ó 2014. Eisíocadh EUR 2.8 billiún san iomlán sa tacaíocht sin, lena n-áirítear EUR 1.6 billiún in 2014-2015 (faoi TMA I agus TMA II) agus dhá thráthchuid de EUR 600 milliún an ceann i mí Iúil 2015 agus i mí Aibreáin 2017 (faoi TMA III). Níor eisíocadh an tríú tráthchuid, an ceann deireanach, de EUR 600 milliún faoi TMA III, a bhí le heisíoc ar an gcoinníoll go gcuirfí 21 bheart beartais a comhaontaíodh le húdaráis na hÚcráine, chun feidhme. Cé go ndearna an Úcráin líon mór gealltanas beartais a bhain leis an tráthchuid sin a chomhlíonadh, bhí ceithre bheart, lena n-áirítear dhá bheart a bhain leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe, nach raibh curtha chun feidhme faoin tráth a ndeachaigh tréimhse infhaighteachta an chúnaimh in éag i mí Eanáir 2018. Ar na cúiseanna sin, ní raibh an Coimisiún in acmhainn an tráthchuid dheireanach faoi TMA III a eisíoc agus cuireadh ar ceal go hoifigiúil í an 18 Eanáir 2018.

Is é is cuspóir don tacaíocht mhacra-airgeadais atá beartaithe cabhrú leis an Úcráin cuid dá riachtanais maoinithe sheachtraigh a shásamh in 2018-2019 agus, ar an gcaoi sin, comhardú gearrthéarmach íocaíochtaí agus leochaileacht fhioscach an gheilleagair a laghdú. Sa bhreis air sin, dhéanfadh cúnamh AE **dreasachtaí a chur ar fáil chun dlús a chur faoi iarrachtaí athchóirithe na hÚcráine** trí Mheabhrán Tuisceana a chomhaontú le húdaráis na hÚcráine lena leagtar amach pacáiste de bhearta iomchuí a thacaíonn le hathchóirithe coigeartaithe eacnamaíoch agus struchtúracha agus frith-éillithe a chur i gcrích. Tá leas á bhaint as cláir MFA cheana féin ag trí thír eile de na sé thír a áirítear le Comhpháirtíocht an Oirthir – an Airméin, an Mholdóiv agus an Úcráin – chomh maith le ceithre thír eile nach comhaltaí den Chomhpháirtíocht sin iad.

I bhfianaise chur chun feidhme neamhiomlán ag an Úcráin maidir leis an gclár beartais a bhaineann le MFA III, is iomchuí coinníollacha sonracha a áireamh i ndáil le gach aon cheann de dhá thráthchuid an chúnaimh seo. Go háirithe ní mór go ndéanfadh na coinníollacha sin **na bearta nár cuireadh chun feidhme faoin gclár a tháinig roimhe sin a áireamh chomh maith ar an mbealach seo a leanas:**

- Maidir le **fíorú dearbhuithe sócmhainní** oifigeach poiblí, d'éileodh an Coimisiún go mbunófaí córas éifeachtach fíorúcháin, lena n-áirítear bogearraí uathoibríocha fíorúcháin a bhfuil rochtain dhíreach uathoibríoch acu ar bhunachair sonraí agus ar chláir stáit. Sa Mheabhrán a bheidh le comhaontú leis an Úcráin faoin oibríocht MFA nua atá molta, ba cheart don Choimisiún a éileamh dá bhrí sin, go mbeidh an córas fíoraithe uathoibríoch réamhluaite i bhfeidhm agus ag feidhmiú, ina ndéanfar líon suntasach dearbhuithe a fhíorú tríd an gcóras uathoibríoch, agus ina dtabharfar tús áite d'oifigigh ardleibhéil, ag tráth eisíocaíochta an dara tráthchuid de chlár MFA IV.

- Maidir le fíorú sonraí a bheidh ar chuideachtaí a chur ar fáil i dtaca lena n-úinéirí tairbhiúla agus le forfheidhmiú oibleagáid tuairiscithe na gcuideachtaí, lena n-áirítear in AE, ba cheart malartuithe saineolaithe idir an Úcráin agus AE a eagrú d'fhonn bearta riachtanacha a bhunú chun go mbeidh ar chumas na hÚcráine sásra fíoraithe a chur chun feidhme. Ar an mbonn sin, ba cheart go ndéanfadh an Meabhrán tagarmharcanna inláimhsithe le haghaidh sásra fíoraithe a shonrú mar choinníoll faoi chlár MFA IV.

- Tá **toirmeasc ar onnmhairiú adhmaid** fós i bhfeidhm, rud nach bhfuil ag teacht leis an rún staonadh ó bhearta sriantacha trádála agus beidh ar an gcoiste parlaiminteach cuí san Úcráin dlí lena n-aisghairtear an toirmeasc sin a bhreithniú. Ba cheart don Choimisiún dul i mbun gníomhaíochta le húdaráis na hÚcráine d'fhonn réiteach a fháil ar an mbearrán seo, trí ionstraimí trádála tiomnaithe a úsáid, go háirithe an sásra socraíochta maidir le díospóid dhéthaobhach.

Déanann an choinníollacht atá ag gabháil leis an MFA giaráil úsáideach a chur ar fáil chun athchóirithe a spreagadh, go háirithe na coinníollacha sin a bhaineann leis an daonlathas agus leis an smacht reachta. I measc na n-athchóirithe sin, tá rialtas na hÚcráine fós ag déanamh iarracht athchóirithe bunreachtúla sa bhreis a chur i gcrích. Tá gealltanas tugtha ag an rialtas i leith leasuithe breise a dhéanamh ar an mbunreacht i gcomhréir le moltaí Choimisiún na Veinéise cé go mbeadh faireachán SEGS agus an Choimisiúin, mar chuid den chúnamh sin, iomchuí chomh maith.

De bhrí go bhfuil comhrac éifeachtach in aghaidh an éillithe ríthábhachtach don phróiseas athchóirithe, ní mór béim a leagan ar an riachtanas atá le hiarrachtaí breise ón Úcráin sa chomhthéacs sin. Ní mór freagra a thabhairt chomh maith ar na nithe sin ar díol imní iad do AE a bhaineann leis an oibleagáid atá ar ghníomhaithe sibhialta maidir le dearbhuithe leictreonacha a chomhlánú, chomh maith le hathchóiriú na hearnála breithiúnaí ar gach leibhéal. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh rialtas na hÚcráine na coinníollacha mar atá sonraithe sa MFA reatha agus sa MFA a tháinig roimhe sin a chomhlíonadh sula ndéanfar cúnamh airgeadais sa bhreis a eisíoc.

Dá thoradh sin, i gcomhréir leis an gcomhaontú idir an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha agus an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta maidir lena ndlúthchomhar le linn an phróisis seo, agus tar éis an taithí is deireanaí i ndáil leis an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón

gComhairle agus ón gCoimisiún, atá i gceangal le cinneadh an 4 Iúil 2017 maidir le cúnamh macra-airgeadais a sholáthar do Phoblacht na Moldóive, beartaíonn an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha:

1. An réamhchoinníoll maidir le cúnamh macra-airgeadais a dheonú a bhaineann leis an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus go háirithe an comhrac in aghaidh an éillithe a athdhaingniú toisc go bhfuil sé sin ríthábhachtach don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha;

2. A áirithiú go ndéanfaidh an Coimisiún agus SEGS faireachán ar chomhlíonadh an réamhchoinníll sin ar feadh shaolré an MFA, ionas nach ndéanfar aon eisíocaíocht sula ndéanfar na cuspóirí a chur i gcrích,

3. Mar sin féin, líon na leasuithe a theorannú go dtí péire, i.e. leasú amháin ar aithris agus leasú amháin ar airteagal den chinneadh, ar mhaithe le comhaontú mear a áirithiú idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ós rud é go bhfuil easnamh maoinithe sheachtraigh fós ann maidir le comhardú íocaíochtaí na hÚcráine, ar mó é ná na hacmhainní atá á gcur ar fáil ag CAI agus ag institiúidí iltaobhacha eile, measfar, faoi na cúinsí eisceachtúla sin, gur freagairt iomchuí ar iarraidh na hÚcráine ar thacaíocht do chobhsú a geilleagair é don Aontas tacaíocht mhacra-airgeadais a chur ar fáil, i gcomhar le clár CAI. Thacódh tacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais le cobhsú an gheilleagair agus le clár um athchóiriú struchtúrach na hÚcráine, agus chuirfeadh sí leis na hacmhainní a cuireadh ar fáil faoi shocrú airgeadais CAI.	(11) Ós rud é go bhfuil easnamh maoinithe sheachtraigh fós ann maidir le comhardú íocaíochtaí na hÚcráine, ar mó é ná na hacmhainní atá á gcur ar fáil ag CAI agus ag institiúidí iltaobhacha eile, measfar, faoi na cúinsí eisceachtúla sin, gur freagairt iomchuí ar iarraidh na hÚcráine ar thacaíocht do chobhsú a geilleagair é don Aontas tacaíocht mhacra-airgeadais a chur ar fáil, i gcomhar le clár CAI. Thacódh tacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais le cobhsú an gheilleagair agus le clár um athchóiriú struchtúrach na hÚcráine ***a bheadh freagrach go sóisialta***, agus chuirfeadh sí leis na hacmhainní a cuireadh ar fáil faoi shocrú airgeadais CAI.

Leasú 2

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ba cheart a leagan síos mar réamhchoinníoll i dtaca le tacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais a thabhairt don Úcráin nach mór don Úcráin sásraí éifeachtacha daonlathacha a urramú – lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí – maille leis an smacht reachta, agus gealltanas a thabhairt go n-urramófar cearta an duine. Ina theannta sin, ba cheart do na cuspóirí sonracha atá le tacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí san Úcráin a neartú agus ba cheart dóibh athchóirithe struchtúracha atá dírithe ar fhás inbhuanaithe cuimsitheach, cruthú post agus comhdhlúthú fioscach a chur chun cinn. Ba cheart don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus don Choimisiún faireachán rialta a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar na réamhchoinníollacha sin a chomhlíonadh agus na cuspóirí sin a bhaint amach.	(17) Ba cheart a leagan síos mar réamhchoinníoll i dtaca le tacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais ***(MFA)*** a thabhairt don Úcráin nach mór don Úcráin ***na coinníollacha atá ag gabháil le cláir MFA a tháinig roimhe seo agus atá le teacht a chomhlíonadh, go háirithe na coinníollacha sin a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe agus ina ndéantar sásraí daonlathacha éifeachtacha, lena n-áirítear*** córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta a urramú, inar cheart ***go mbeadh breithiúnacht neamhspleách atá in acmhainn éilliú a chomhrac go héifeachtach mar thaca leis***, agus ina ráthaítear go n-urramófar cearta an duine***.*** ***Ba cheart na coinníollacha sin a chomhaontú leis an Úcráin i Meabhrán Tuisceana mionsonraithe.*** Sa bhreis air sin, ba cheart do na cuspóirí sonracha atá le cúnamh mhacra-airgeadais an Aontais éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí san Úcráin a neartú agus ba cheart dóibh athchóirithe struchtúracha atá dírithe ar fhás inbhuanaithe agus cuimsitheach, cruthú post agus comhdhlúthú fioscach a chur chun cinn. Ba cheart don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus don Choimisiún faireachán rialta a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar na réamhchoinníollacha sin a chomhlíonadh agus na cuspóirí sin a bhaint amach ***ar feadh shaolré MFA***. ***Níor cheart go mbeadh an chéad tráthchuid den tacaíocht airgeadais ar fáil ach amháin tar éis na bearta beartais a bhí ag gabhail le tráthchuid deiridh chlár MFA a tháinig roimhe seo curtha chun feidhme ina n-iomláine. Ba cheart don Choimisiún***

measúnú poiblí maidir le comhlíonadh an réamhchoinníll sin a chur ar fáil, lena n-áirítear léiriú soiléir ar na tagarmharcanna a úsáideadh ina mheasúnú.

Leasú 3

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Ba cheart tacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais a bheith faoi réir ***coinníollacha an bheartais eacnamaíoch***, a leagfar síos i Meabhrán Tuisceana. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i dtaca leis an gcur chun feidhme agus ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtúlacht, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún na coinníollacha sin a chaibidliú le húdaráis na hÚcráine faoi mhaoirseacht choiste ionadaithe na mBallstát i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Faoin Rialachán sin, ba cheart feidhm a bheith leis an nós imeachta comhairleach, mar riail ghinearálta, i ngach cás seachas na cásanna dá bhforáiltear sa Rialachán sin. I bhfianaise an tionchair thábhachtaigh a d'fhéadfadh a bheith ag an tacaíocht sin de bhreis agus EUR 90 milliún, is iomchuí an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid le haghaidh oibríochtaí os cionn na tairsí sin. I bhfianaise mhéid na tacaíochta macra-airgeadais atá an tAontas a thabhairt don Úcráin, ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta scrúdúcháin maidir le glacadh an Mheabhráin Tuisceana, agus maidir leis an gcás ina ndéanfaí an tacaíocht sin a laghdú, a chur ar fionraí nó a chur ar ceal,	(23) Ba cheart ***MFA*** an Aontais a bheith faoi réir ***coinníollacha*** a leagfar síos i Meabhrán Tuisceana***, ina mbeidh critéir tomhais iomchuí san áireamh freisin***. ***Níor cheart go ndéanfadh na coinníollacha sin dochar do chobhsaíocht shoch-eacnamaíoch na tíre agus ba cheart go nascfaí iad leis an gcomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus le cruthú post ar bhealach intomhaiste***. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i dtaca leis an gcur chun feidhme agus ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtúlacht, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún na coinníollacha sin a chaibidliú le húdaráis na hÚcráine***, tar éis dó dul i mbun comhairliúcháin le geallsealbhóirí agus comhpháirtithe sóisialta ábhartha na hÚcráine agus*** faoi mhaoirseacht choiste ionadaithe na mBallstát i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Faoin Rialachán sin, ba cheart feidhm a bheith leis an nós imeachta comhairleach, mar riail ghinearálta, i ngach cás seachas na cásanna dá bhforáiltear sa Rialachán sin. I bhfianaise an tionchair thábhachtaigh a d'fhéadfadh a bheith ag an tacaíocht sin de bhreis agus EUR 90 milliún, is iomchuí an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid le haghaidh oibríochtaí os cionn na tairsí sin. I bhfianaise mhéid MFA atá an tAontas a thabhairt don Úcráin, ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta scrúdúcháin maidir le glacadh an Mheabhráin Tuisceana, agus maidir leis an gcás ina

	ndéanfaí an tacaíocht sin a laghdú, a chur ar fionraí nó a chur ar ceal,

Leasú 4

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is é an Coimisiún a bhainisteoidh an chaoi a n-eisíocfar tacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais, de réir na gcomhaontuithe agus na gcomhthuiscintí a tugadh i gcrích idir CAI agus an Úcráin, agus de réir ***phríomh***phrionsabail agus ***phríomh***chuspóirí na n-athchóirithe eacnamaíocha arna leagan síos sa Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, lena n-áirítear an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála, arna chomhaontú faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa.	Is é an Coimisiún a bhainisteoidh an chaoi a n-eisíocfar tacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais, de réir na gcomhaontuithe agus na gcomhthuiscintí a tugadh i gcrích idir CAI agus an Úcráin, agus de réir phrionsabail agus chuspóirí na n-athchóirithe ***polaitiúla, institiúideacha, socheacnamaíocha agus*** eacnamaíocha arna leagan síos sa Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, lena n-áirítear an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála, arna chomhaontú faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa.

Leasú 5

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go rialta faoi aon dul chun cinn maidir le tacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais, lena n-áirítear eisíocaíochtaí na tacaíochta sin, agus cuirfidh sé na doiciméid ábhartha ar fáil do na hinstitiúidí sin in am trátha.	Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go rialta faoi aon dul chun cinn maidir le tacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais, lena n-áirítear eisíocaíochtaí na tacaíochta sin, ***agus a mhéid a chuirfidh an Úcráin na nithe arna gcomhaontú chun feidhme***, agus cuirfidh sé na doiciméid ábhartha ar fáil do na hinstitiúidí sin in am trátha.

Leasú 6

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh mar réamh-choinníoll i dtaca le ***tacaíocht mhacra-airgeadais*** an Aontais a thabhairt don Úcráin nach mór di sásraí éifeachtacha daonlathacha a urramú – lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí – maille leis an smacht reachta, agus gealltanas a thabhairt go n-urramófar cearta an duine.	1. Beidh mar réamhchoinníoll i dtaca le ***MFA*** an Aontais a thabhairt don Úcráin, nach mór di ***na coinníollacha atá ag gabháil le cláir MFA a tháinig roimhe seo agus atá le teacht a chomhlíonadh, go háirithe na coinníollacha sin a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe,*** sásraí daonlathacha éifeachtacha, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta ***agus ina ráthaítear go n-urramófar cearta an duine, lena n-áirítear urraim ar mhionlaigh náisiúnta***.

Leasú 7

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Dá bhrí sin, léireofar sa Mheabhrán Tuisceana idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, mar réamhchoinníollacha maidir le heisíocaíocht na dtráthchodanna faoi chlár MFA IV, inter alia, go ndéanfar:
	(a) reachtaíocht a ghlacadh maidir le bunú agus feidhmiú na cúirte frith-éillithe, atá i gcomhréir le moltaí Choimisiún na Veinéise, go háirithe i dtaobh inniúlachtaí na cúirte, incháilitheacht agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí maidir le post breithimh, próiseas roghnaithe an iarrthóra, ina n-áireofar rannpháirtíocht saineolaithe idirnáisiúnta agus stádas na mbreithiúna;
	(b) córas a bhunú chun dearbhuithe sócmhainní a dhéanann oifigigh phoiblí a fhíorú go héifeachtach;

	(c) gníomhaithe na sochaí sibhialta atá ag obair i réimse an fhrith-éillithe a dhíolmhú ó shócmhainní a dhearbhú go leictreonach;
	(d) comhdhéanamh Lárchoimisiún Toghcháin na hÚcráine a léiríonn cothromaíocht pholaitiúil ina ndéantar ionadaíocht thar ceann na bhfórsaí polaitiúla ar fad, go háirithe iadsan a bhfuil ionadaíocht acu in Verkhovna Rada, agus atá amhlaidh i gcomhdhéanamh Choimisiúin na dToghchán Ceantair chomh maith le Coimisiúin na dToghchán Maighne ar fad;

Leasú 8

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2), comhaontóidh an Coimisiún i gcomhar le húdaráis na hÚcráine, coinníollacha dea-shainithe airgeadais agus an ***bheartais eacnamaíoch***, a mbeidh tacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais faoina réir, agus leagfar na coinníollacha sin síos i ***M***eabhrán ***T***uisceana (**"**an Meabhrán Tuisceana**"**) ina mbeidh clár ama chun na coinníollacha sin a chomhlíonadh. Beidh coinníollacha airgeadais agus coinníollacha ***an bheartais eacnamaíoch*** a leagfar síos sa Mheabhrán Tuisceana i gcomhréir leis na comhaontuithe nó na comhthuiscintí dá dtagraítear in Airteagal 1(3), lena n-áirítear an coigeartú macra-eacnamaíoch agus na cláir um athchóiriú struchtúrach arna gcur chun feidhme ag an Úcráin le tacaíocht ó CAI.	1. I gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2), comhaontóidh an Coimisiún i gcomhar le húdaráis na hÚcráine, coinníollacha dea-shainithe airgeadais agus ***polaitiúla***, ***a dhíreoidh ar athchóirithe struchtúracha agus ar chistí poiblí fónta atá freagrach go sóisialta***, a mbeidh tacaíocht mhacra-airgeadais an Aontais faoina réir, agus leagfar na coinníollacha sin síos i ***m***eabhrán ***t***uisceana (‘an Meabhrán Tuisceana**’**) ina mbeidh clár ama ***cruinn*** agus ***critéir tomhais shonracha*** chun na coinníollacha sin a chomhlíonadh. Beidh na coinníollacha airgeadais agus ***polaitiúla*** a leagfar síos sa Mheabhrán Tuisceana i gcomhréir leis na comhaontuithe nó na comhthuiscintí dá dtagraítear in Airteagal 1(3), lena n-áirítear an coigeartú macra-eacnamaíoch agus na cláir um athchóiriú struchtúrach arna gcur chun feidhme ag an Úcráin le tacaíocht ó CAI.

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Tacaíocht mhacra-airgeadais bhreise don Úcráin
Tagairtí	COM(2018)0127 – C8-0108/2018 – 2018/0058(COD)
An Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	INTA 15.3.2018
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	AFET 15.3.2018
Rapóirtéir Dáta an cheapacháin	Michael Gahler 20.3.2018
Pléite sa choiste	24.4.2018
Dáta an ghlactha	16.5.2018
Toradh na vótála críochnaithí	+: 58 –: 3 0: 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Lars Adaktusson, Michèle Alliot-Marie, Nikos Androulakis, Francisco Assis, Petras Auštrevičius, Goffredo Maria Bettini, Mario Borghezio, Elmar Brok, Klaus Buchner, Fabio Massimo Castaldo, Lorenzo Cesa, Aymeric Chauprade, Javier Couso Permuy, Andi Cristea, Arnaud Danjean, Eugen Freund, Sandra Kalniete, Tunne Kelam, Wajid Khan, Eduard Kukan, Ilhan Kyuchyuk, Arne Lietz, Sabine Lösing, Tamás Meszerics, Francisco José Millán Mon, Clare Moody, Pier Antonio Panzeri, Demetris Papadakis, Ioan Mircea Paşcu, Alojz Peterle, Tonino Picula, Kati Piri, Julia Pitera, Cristian Dan Preda, Jozo Radoš, Michel Reimon, Sofia Sakorafa, Alyn Smith, Dobromir Sośnierz, Jaromír Štětina, Dubravka Šuica, Charles Tannock, László Tőkés, Ivo Vajgl, Geoffrey Van Orden, Boris Zala
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Doru-Claudian Frunzulică, Rebecca Harms, Norica Nicolai, Urmas Paet, Miroslav Poche, Soraya Post, José Ignacio Salafranca Sánchez-Neyra, Helmut Scholz, Bodil Valero, Marie-Christine Vergiat, Janusz Zemke, Željana Zovko
Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Renate Weber, Francis Zammit Dimech, Joachim Zeller

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

58	+
ALDE	Petras Auštrevičius, Ilhan Kyuchyuk, Norica Nicolai, Urmas Paet, Jozo Radoš, Ivo Vajgl, Renate Weber
ECR	Charles Tannock, Geoffrey Van Orden
EFDD	Aymeric Chauprade
GUE/NGL	Javier Couso Permuy, Sabine Lösing, Sofia Sakorafa, Helmut Scholz, Marie-Christine Vergiat
PPE	Lars Adaktusson, Michèle Alliot-Marie, Elmar Brok, Lorenzo Cesa, Arnaud Danjean, Sandra Kalniete, Tunne Kelam, Eduard Kukan, Francisco José Millán Mon, Alojz Peterle, Julia Pitera, Cristian Dan Preda, José Ignacio Salafranca Sánchez-Neyra, László Tőkés, Francis Zammit Dimech, Joachim Zeller, Željana Zovko, Jaromír Štětina, Dubravka Šuica
S&D	Nikos Androulakis, Francisco Assis, Goffredo Maria Bettini, Andi Cristea, Eugen Freund, Doru-Claudian Frunzulică, Wajid Khan, Arne Lietz, Clare Moody, Pier Antonio Panzeri, Demetris Papadakis, Ioan Mircea Paşcu, Tonino Picula, Kati Piri, Miroslav Poche, Soraya Post, Boris Zala, Janusz Zemke
Verts/ALE	Klaus Buchner, Rebecca Harms, Tamás Meszerics, Michel Reimon, Alyn Smith, Bodil Valero

3	-
EFDD	Fabio Massimo Castaldo
ENF	Mario Borghezio
NI	Dobromir Sośnierz

0	0

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

Teideal	Tacaíocht mhacra-airgeadais bhreise don Úcráin
Tagairtí	COM(2018)0127 – C8-0108/2018 – 2018/0058(COD)
Dáta tíolactha chun PE	9.3.2018
An Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	INTA 15.3.2018
Coistí ar iarradh tuairim orthu Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	AFET BUDG 15.3.2018 15.3.2018
Gan tuairim a thabhairt Dáta an chinnidh	BUDG 21.3.2018
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Jarosław Wałęsa 21.3.2018
Pléite sa choiste	24.4.2018
Dáta an ghlactha	17.5.2018
Toradh na vótála críochnaithí	+: 28 –: 5 0: 3
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	William (Iarla) Dartmouth, Laima Liucija Andrikienė, Maria Arena, Tiziana Beghin, David Campbell Bannerman, Daniel Caspary, Salvatore Cicu, Santiago Fisas Ayxelà, Christofer Fjellner, Nadja Hirsch, Yannick Jadot, France Jamet, Jude Kirton-Darling, Patricia Lalonde, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, David Martin, Emmanuel Maurel, Emma McClarkin, Anne-Marie Mineur, Alessia Maria Mosca, Artis Pabriks, Franck Proust, Viviane Reding, Inmaculada Rodríguez-Piñero Fernández, Marietje Schaake, Helmut Scholz, Joachim Schuster, Joachim Starbatty, Adam Szejnfeld, Iuliu Winkler
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Goffredo Maria Bettini, Klaus Buchner, Sajjad Karim, Fernando Ruas, Jarosław Wałęsa
Dáta don chur síos	23.5.2018

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE FREAGRACH

28	+
ALDE	Nadja Hirsch, Patricia Lalonde, Marietje Schaake
ECR	David Campbell Bannerman, Sajjad Karim, Emma McClarkin, Joachim Starbatty
PPE	Laima Liucija Andrikienė, Daniel Caspary, Salvatore Cicu, Santiago Fisas Ayxelà, Christofer Fjellner, Artis Pabriks, Franck Proust, Fernando Ruas, Adam Szejnfeld, Jarosław Wałęsa, Iuliu Winkler
S&D	Maria Arena, Goffredo Maria Bettini, Jude Kirton-Darling, Bernd Lange, David Martin, Alessia Maria Mosca, Inmaculada Rodríguez-Piñero Fernández, Joachim Schuster
VERTS/ALE	Klaus Buchner, Yannick Jadot

5	-
EFDD	Tiziana Beghin, William (Iarla) Dartmouth,
ENF	France Jamet, Danilo Oscar Lancini
PPE	Viviane Reding

3	0
GUE/NGL	Anne-Marie Mineur, Helmut Scholz
S&D	Emmanuel Maurel

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh